



**Polasaí agus Nósanna Imeachta um Chosaint
Leanaí**

CLÁR NA nÁBHAR

Réamhrá

Ráiteas Polasaí um Chosaint Leanaí

Cuid 1: Cód Iompraíochta RTÉ

Cuid 2: Leas Leanaí

Cuid 3: Nósanna Imeachta agus Freagrachtaí Tuairiscithe

Cuid 4: Earcaíocht, Roghnú agus Cosaint Leanaí

AGUISÍNÍ

Aguisín 1: Príomhphrionsabail agus Sainmhínithe ar Mhí-Úsáid mar a d'eisigh an Roinn Sláinte & Leanaí iad

Aguisín 2: Toiliú Mionaoiseach agus Foirm Teagmhála Éigeandála

Aguisín 3: Cuspóir an Ráitis Rannpháirtíochta

Aguisín 4: Measúnuithe Riosca / Tuarascálacha Timpistí

Aguisín 5: Treoir maidir le hAitheantas a thabhairt do Chosaint Leanaí agus Imní Leasa

Aguisín 6: Foirm um Nochtadh Foirne

Aguisín 7: Cóimheasa Maoirseachta

RÉAMHRÁ

Scríobh RTÉ an pholasáí seo chun sábháilteacht gach linbh lena mbímid i dteagmháil a chinntiú i ngach gné dár ngnó. Forbraíodh é de réir riachtanais “*An Chéad Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí 2011*”.

Chun críocha soiléire, úsáidfear na sainmhínte seo a leanas:

“**Leanbh**” - ciallaíonn leanbh duine faoi 18 mbliana d’aois, ach ní chuirtear duine atá pósta nó a bhí pósta san áireamh. I gcomhthéacs chosaint leanaí, tagraíonn leanaí agus daoine óga d’aon duine faoi 18 mbliana d’aois. Chun críocha an pholasáí seo, is féidir daoine óga idir 15 agus 18 mbliana d’aois a mheas mar leanaí.

“**Teagmhálaí Ainmnithe**” (DLP) - Feidhmeoidh an Bainisteoir Sláinte agus Sábháilteachta mar idirghabhálaí le gníomhaireachtaí seachtracha agus mar dhuine a chuirfidh acmhainn ar fáil d’aon bhall foirne nó oibrí deonach a bhfuil aon fhadhbanna acu maidir le cosaint leanaí. Tá an DLP freagrach as líomhaintí nó amhras faoi mhí-úsáid leanaí a thuairisciú do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS nó don Garda Síochána.

Trí ghlacadh leis na prionsabail seo a leanas in RTÉ, cuideofar le rannpháirtíocht iomlán leanaí agus daoine óga inár gcuid oibre a chur chun cinn agus a éascú nuair is cuí. Tá sé mar aidhm againn timpeallacht shábháilte agus shláintiúil a chur ar fáil do dhaoine óga a mbímid ag obair leo agus táimid tiomanta i gcónaí a sábháilteacht agus a leas a chinntiú.

Is iad na treoirphrionsabail:

- Caitheamh le leanaí agus le daoine óga le cúram, dínit agus meas;
- A aithint go mbreathnóidh leanaí agus daoine óga orthu siúd atá ag obair do RTÉ mar dhaoine iontaofa;
- Tá sé de cheart ag gach leanbh agus duine óg, beag beann ar aois, míchumas, inscne, bunús ciníoch nó eitneach, creideamh agus féiniúlacht ghnéis cosaint a fháil ó dhochar nó ó mhí-úsáid;
- A chinntiú go bhfuil cumarsáid le leanaí agus a dtuismitheoirí soiléir;
- Na cleachtais is sábháilte agus is féidir a leanúint chun an fhéidearthacht go dtarlódh díobháil nó timpistí do leanaí a laghdú agus oibrithe a chosaint ar an ngá le rioscaí a ghlacadh agus iad féin a fhágáil oscailte do líomhaintí mí-úsáide;
- Modhanna earcaíochta a mhínítear go soiléir a úsáid agus a chur i bhfeidhm i rith an ama
- Nósanna imeachta a fhorbairt chun gearáin a fhreagairt
- Oiliúint cosanta leanaí a chur ar fáil d’oibrithe ábhartha. Ba cheart go ndéanfadh sé sin freagrachtaí eagraíochtaí agus daoine aonair a shoiléiriú, agus na nósanna imeachta atá le leanúint a thaispeáint go follasach

Leagtar amach sa pholasáí seo freagrachtaí gach duine a oibríonn do RTÉ, lena n-áirítear conraitheoirí, maidir le cosaint leanaí agus daoine óga agus iad ag obair leo nó ag plé leo agus taispeánfar iad sin le linn a gclár ionduchtaithe chuig an eagraíocht.

I bhfianaise chineál an chraolacháin agus na hidirghníomhaíochta a bhíonn ar siúl le daoine éagsúla

amhail an fhoireann, baill an phobail, conraitheoirí, saoroibríthe, cuideachtaí neamhspleácha agus cuairteoirí, beidh feidhm ag na treoirlínte seo i gcás gach duine lena mbaineann. Cé nach féidir reachtaíocht a dhéanamh i gcás gach rud a d'fhéadfadh tarlú sa pholasáí seo; ba chóir d'fhoireann RTÉ cuimhneamh i gcónaí ar mheon an pholasáí mar a leagtar amach sa Ráiteas Polasáí um Chosaint Leanáí chomh maith le foclaíocht na bpróiseas agus na nósanna imeachta mionsonraithe. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach ndéanfaidh an polasáí seo difear d'ábhar eagarthóireachta clár.

RÁITEAS PHOLASAÍ UM CHOSAINT LEANAÍ

Tá RTÉ tiomanta do chur chuige leanbh-lárnaithe maidir lenár gcuid oibre le leanaí agus le daoine óga. Is meon lárnach de chuid RTÉ go bhfuil meas gan choinníoll ar leanaí agus go gcoinnítear sábháilte iad ó dhochar agus iad inár gcúram. Tá sé tábhachtach a chinntiú go gcuirtear timpeallacht shábháilte tharraingteach chun cinn go gníomhach trí ghnáthchleachtais agus iompar laistigh dár n-eagraíocht, áit a bhfuil leas an linbh / an duine óig thar a bheith tábhachtach. Cuidíonn an Polasaí agus na treoirlínte seo le RTÉ cloí leis na prionsabail mar a leagtar amach iad: *“Treoirlínte Náisiúnta Leanai ar dtús le haghaidh Cosaint agus Leas Leanai”*, arna eisiúint ag an Roinn Leanai agus Gnóthaí Óige.

Glacann RTÉ na freagrachtaí seo a leanas air féin:

- Caitheamh le leanaí agus daoine óga le cúram, meas agus dínit
- Ba cheart go mbeadh leas an linbh nó an duine óig i gcroílár léiriúchán RTÉ
- A aithint go mbreathnóidh leanaí agus daoine óga orthu siúd atá ag obair in RTÉ mar dhaoine iontaofa agus dá bhrí sin ní mór don fhoireann uile an polasaí seo a chomhlíonadh
- A chinntiú go bhfuil cumarsáid le leanaí agus le daoine óga oscailte agus soiléir
- Na rioscaí a bhaineann le leanaí agus iad i mbun gníomhaíochtaí a mheas. Ba cheart go mbeadh an próiseas sin mar chuid de mheasúnú riosca foriomlán an chláir
- Aithnímid go bhfuil sé de cheart ag gach leanbh agus duine óg, beag beann ar aois, míchumas, inscne, bunús ciníoch nó eitneach, creideamh agus féiniúlacht ghnéis cosaint a fháil ó dhochar nó ó mhí-úsáid;
- Tá sé de cheart ag leanaí go n-éistfear leo, agus go nglacfar leo ar bhealach dáiríre
- Freagra a thabhairt ar aon imní / tuarascáil / nochtadh ar bhealach iomchuí d’fhonn Sábháilteacht, Sláinte agus Leas leanaí a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí uile chlár RTÉ a chinntiú, beidh gach úsáid a bhaintear as aon ábhar cláir faoi réir théarmaí agus choinníollacha an tsocraithe nó an chonartha bhunaidh
- Dea-chleachtas a chinntiú maidir le hearcú foirne nó saorálaithe, lena n-áirítear dea-chleachtais AD maidir le hagallaimh, oiliúint ionduchtaithe, promhadh, glacadh le teistiméireachtaí, grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána (nuair is gá), agus maoirseacht agus bainistíocht leanúnach
- Tá sé de fhreagracht ar gach ball foirne in RTÉ, lena n-áirítear conraitheoirí, cosaint leanaí agus daoine óga a chur chun cinn agus cloí leis an bpolasaí seo.

Bítear ag súil i gcónaí le fostaithe comhréir a choinneáil, gnáthchiall a úsáid agus tosaíocht a thabhairt do leas an linbh a chosaint.

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo gach dhá bhliain ar a laghad bunaithe ar thaithí RTÉ ar a fheidhmiú agus i bhfianaise aon athruithe reachtaíochta a thagann chun cinn i réimse na Cosanta Leanai.

Signed:  N
o

Date: 24/6/13. e
l

Curran Ard-Stiúrthóir

ROINN 1 - Treoirínte um Chosaint Leanaí RTÉ

Réamhrá

Ó bunaíodh RTÉ, bíonn leanaí agus daoine óga páirteach inár gcuid oibre ar léiriúcháin éagsúla nuair is cuí. Féachann na treoirínte seo a leanas le cur síos a dhéanamh ar an gcur chuige a ghlacann RTÉ maidir le Cosaint Leanaí. Tá dualgas cúraim ar gach duine a oibríonn le leanaí agus le daoine óga. Is í aidhm na dtreoirínte seo faisnéis a thabhairt agus dea-chleachtas a chur chun cinn dóibh siúd a bhfuil baint acu le bheith ag obair le leanaí agus le daoine óga.

Treoirínte Dea-Chleachtais:

D'fhonn comhchosaint a chinntiú, caithfidh baill foirne / saorálaithe / aoi-ealaíontóirí / rannpháirtithe, conraitheoirí agus eagraíochtaí eile atá ag obair le RTÉ a bheith eolach ar na rudaí seo a leanas:

- Ní mór do bhainisteoirí sinsearacha a chinntiú go gcuirtear riachtanais iompraíochta an pholasaí seo in iúl dóibh siúd a oibríonn le leanaí agus le daoine fásta leochaileacha agus go dtuigeann siad go soiléir iad. Áireofar leis sin na baill foirne go léir a bhfuil baint acu le mic léinn ar shocrúchán oibre, leis an bpobal, agus le gach ball den chriú mar chuid dá gcuid oibre.
- Cuirtear leanaí agus daoine óga a bhfuil baint acu lenár gcuid oibre ar an eolas faoinár nósanna imeachta agus faoi chaighdeáin iompair a bhaineann lena rannpháirtíocht;
- Cuirtear tuismitheoirí na leanaí agus na ndaoine óga ar an eolas go hiomlán faoi riachtanais an pholasaí seo
- Bíonn cóimheas oiriúnach daoine fásta le daoine óga i bhfeidhm don ócáid / scannánú / taifeadadh. Féadfaidh an cóimheas a bheith éagsúil ag brath ar an gcás, aois na rannpháirtithe agus a gcuid riachtanas, féach aguisín 7 le haghaidh cóimheasa teoracha
- Iarrfar na cáipéisí seo a leanas de réir mar is gá agus imeachtaí nó scannánú / taifeadadh á n-eagrú ina mbeidh leanaí agus daoine óga páirteach:
 - Toiliú tuismitheoirí. Is gnáthchleachtas é gur cheart do thuismitheoirí / chaomhnóirí dlíthiúla an toiliú a dhéanamh; ach d'fhéadfadh go mbeadh imthosca teoranta ann nuair nach mbeadh sé sin indéanta. Sa chás sin, ba cheart an cheist a phlé le bainisteoir sinsearach i réimse an chláir faoi seach agus na cúinsí a thaifeadadh agus a choinneáil i gcomhad ag foireann an chláir.
 - Sonraí teagmhála do thuismitheoirí / chaomhnóirí; lena n-áirítear uimhreacha teagmhála,
 - Aon fhaisnéis leighis ábhartha a bhaineann le riochtaí sláinte nó ailléirgí, lena n-áirítear cead a bhaineann le hidirghabháil leighis a chur ar fáil (más gá)
 - Faisnéis a bhaineann le haon riachtanas speisialta amhail rochtain, aiste bia, socrúithe iompair, srl.

CÓD IOMPAIR: CUR CHUIGE LEANBH-LÁRNACH

Caitheamh go cothrom le gach leanbh agus duine óg agus meas agat ar a n-aois agus ar a n-indibhidiúlacht

- Úsáid teanga atá oiriúnach dá n-aois (fisiceach agus ó bhéal) agus athraigh meon na teanga ag brath ar riachtanais agus ar thuiscint na bpáistí atá i láthair
- Léirigh meas ar spás pearsanta an linbh / an duine óig (m.sh. nuair a théann siad chuig an leithreas nó nuair a bhíonn siad ag gléasadh). In éagmais tuismitheora nó chaomhnóra a ceapadh, níor cheart tascanna pearsanta a dhéanamh do leanbh óg ach amháin i gcás éigeandála nó timpiste
- Sa chás gur príomhchuid de ghníomhaíocht í teagmháil fhisiciúil, tá sé tábhachtach toiliú a lorg ón leanbh / duine óg maidir le teagmháil fhisiciúil (ach amháin i gcás éigeandála nó i gcás contúirteach); seachain pleidhcíocht nó teagmháil mhí-oiriúnach; déan cinnte go mothaíonn an leanbh / duine óg compordach agus tú, mar shampla; ag cur smideadh orthu / ag ceangal micreafóin nó á gcur ag bualadh marcanna don scannánú. Tugtar faoi sin ar fad lena chinntiú go ndéantar é sin go hoscailte agus laistigh de theorainneacha sábháilte agus compordacha don leanbh nó don duine óg;
- Déan cinnte go gcuireann tú ceist sula dtugann tú compord fhisiciúil do leanbh atá trí chéile nó gortaithe
- Caithfidh na baill foirne sin atá freagrach as leanaí ar an lá iad féin a chur in aithne do na leanaí a luaithe agus is féidir.
- Ná tabhair aon chógas do leanbh i gcás ar bith, mura gceadaíonn tuismitheoir / caomhnóir é i scríbhinn roimh ré
- Bíodh nósanna imeachta éigeandála i bhfeidhm agat agus déan cinnte go bhfuil gach ball foirne ar an eolas fúthu
- Tuairiscigh / taifead aon eachtraí agus timpistí (féach Aguisín 4)
- Coinnigh tuismitheoirí / caomhnóirí ar an eolas faoi aon saincheistanna a bhaineann lena gcuid leanaí
- Cinntigh cóimheasa cearta maoirseachta
- Ná lig d'fhadhb dul as smacht.

CÓD IOMPAIR: IOMPAR MÍ-OIRIÚNACH

- Seachain an iomarca ama a chaitheamh leat féin le leanaí / daoine óga
- Ná húsáid nó ná ceadaiigh teanga choirp agus / nó bhriathartha atá maslach nó gnéasach
- Seachain drochtheanga, mionnaí móra agus teanga mhí-oiriúnach a úsáid
- Ná fág leanbh / duine óg ar leith amach (as fabhraíocht éagórach, cáineadh nó magadh)
- Ná ceadaiigh teagmháil fhisiciúil gan ghá
- Ná buail nó ná cuir smacht go fhisiciúil ar leanaí / daoine óga
- Ná buail le leanaí / daoine óga go mí-oiriúnach (m.sh. lasmuigh de ghníomhaíochtaí eagrúcháin struchtúrtha).

CÓD IOMPAIR: SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

Ní mór measúnú riosca sláinte agus sábháilteachta iomlán a dhéanamh sula dtabharfar aon leanbh chuig láthair nó chuig seit. Sa chás go bhfuil leanbh nó duine óg i gceist, caithfidh an measúnú riosca a gcuid laigí a chur san áireamh, lena n-áireofar cosaint leanaí. Caithfidh léiritheoir an chláir an measúnú riosca a shíniú sula dtosóidh an léiriúchán. Sa chás go bhfuil róil lárnacha ag baill foirne Oibriúcháin i léiriúchán an chláir, mar shampla i stiúideonna agus ar EFP (Táirgeadh Réimse Leictreonach), glacfaidh na maoirseoirí ábhartha freagracht as a chinntiú go gcloínn baill foirne le cóid sláinte agus sábháilteachta.

Ba cheart go leagfadh an measúnú riosca amach freisin na socruithe atá i bhfeidhm maidir lena gcúram agus lena maoirseacht, m.sh. ó scoil, tuismitheoir, caomhnóir nó feitheoir agus conas a chuirfear na socruithe seo in iúl do na páirtithe cuí. Oibreoidh RTÉ i gcónaí laistigh d'aon cheanglais cheadúnaithe agus uaireanta reachtúla a cheadaítear chun oibriú le leanaí; cuirfear teagasc ar fáil de réir na reachtaíochta reatha de réir mar is gá. Tabharfar aird ar leith ar sceidealú le haghaidh sosanna scíthe rialta agus cinnteofar go gcuirfear sólaistí ar fáil.

Déanfaidh an fhoireann léiriúcháin iarracht éadaí agus saoráidí réasúnta a chur ar fáil a oireann do na dálaí scannánaithe, m.sh. foscadh te, tirim má dhéantar scannánú in aimsir fhuar; uisce / uachtar gréine / foscadh ón ngrian má dhéantar scannánú in aimsir the.

- Ná fág leanaí gan aire / gan a bheith faoi mhaoirseacht
- Bainistigh aon ábhair chontúirteacha
- Cuir timpeallacht shábháilte ar fáil
- Bí ar an eolas faoi nós imeachta i leith timpistí agus lean dá réir
- Bí ar an eolas faoi nósanna imeachta aslonnaithe / rochtana / fágála.

A chinntiú go láimhseáiltear timpistí / eachtraí i gceart:

- Taispeántar uimhreacha éigeandála go feiceálach agus tá siad ar fáil dóibh siúd atá i gceannas ar na leanaí
- Tá a fhios ag gach duine cá bhfuil an fón is gaire
- Tá eolas agus / nó oiliúint ag duine éigin chun timpistí / eachtraí a láimhseáil
- Tá a fhios acu siúd atá i gceannas cá bhfuil na boscaí agus na seirbhísí Garchabhrach
- Cuirtear tuairiscí ar thionóiscí i gcrích de réir na rialachán (féach na sonraí ar an leathanach Sláinte & Sábháilteachta ar Marconi)

Iompar Leanaí le linn na scannánaíochta / taifeadta

Is é príomhfhreagracht RTÉ sábháilteacht, sláinte agus leas na leanaí a mbímid i dteagmháil leo a chinntiú agus muid i mbun ár ngnó. Sa chás go dtagann eachtraí nó deacrachtaí leis na caidrimh sin, forchoimeádann RTÉ an ceart teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí / caomhnóirí agus iarracht a dhéanamh leanbh a bhaint (go sealadach nó go buan) ionas go mbeidh leanaí eile in ann leanúint ar aghaidh ag gabháil don ghníomhaíocht gan bhriseadh. Ar an gcéad dul síos, áfach, má bhíonn mí-iompar ó leanbh ann nó má bhíonn siad míchompondach nó tinn nó mura bhfuil siad ag glacadh páirte sa ghníomhaíocht, tabharfaidh an fhoireann faoi na rudaí seo a leanas:

- Labhairt leis an leanbh le fáil amach cad í an fhadhb
- Modhanna a mholadh ionas gur féidir leo a bheith níos páirtí sa ghníomhaíocht
- Mura bhfeabhsaítear an t-iompar agus má leantar ar aghaidh ag cur isteach ar

an gcleachtadh nó ar an bhfeidhmíocht, tógfar an leanbh ón ionad / halla éisteachta / stiúideo (ag cinntiú go bhfuil roinnt ball foirne i láthair) agus iarrfar ar a dtuismitheoir / chaomhnóir teacht agus an leanbh a bhailiú

I gcás imeacht beo atá ar siúl:

- Déan teagmháil súl leis an leanbh / leanaí le tabhairt le fios go gcaithfidh siad a bheith ciúin
- Má leantar leis an gcur isteach, téigh chuig leanbh / leanaí **ar bhealach neamh-ionsaitheach** agus iarr orthu a bheith ciúin
- Má leantar leis an gcur isteach, téigh chuig an tuismitheoir / caomhnóir agus iarr orthu cabhrú leo iarraidh ar an leanbh / leanaí stop a chur le cur isteach ar an léiriúchán
- Má leanann siad orthu ag cur isteach, iarr ar an tuismitheoir / caomhnóir an leanbh a thógáil amach as an stiúideo / halla éisteachta.

Mí-iompar:

I gcás eachtra a tugadh faoi deara de cheachtar de na cineálacha iompair thuas a raibh baint ag leanbh leo, iarrtar ar bhaill foirne freagairt mar seo a leanas:

- Scar na páistí a luaithe is a thugtar an t-iompar faoi deara
- Féadfar a iarraidh ar an leanbh a bhfuil baint aige leis an iompar a ghníomhartha a mhíniú agus a leithscéal a ghabháil nuair is cuí
- Breathnaigh ar idirghníomhaíochtaí eile idir na páirtithe lena mbaineann
- Cuir an bainisteoir líne ar an eolas mura bhfuil siad ar an eolas faoin bhfadhb cheana féin
- Tabhair deis don leanbh labhairt faoin eachtra le ball foirne más mian leis / léi
- Caithfidh an bainisteoir líne an eachtra a thaifeadadh agus an bainisteoir Acmhainní Daonna sa IBD a chur ar an eolas gan mhoill
- Caithfidh an bainisteoir líne áitiúil tuismitheoirí / caomhnóir a chur ar an eolas faoin eachtra ag deireadh an chleachtaidh / an léirithe

Ar mhaithe le cosaint na bpáirtithe uile, agus i ngach cás ina ndéantar cur síos ar iompar an linbh mar iompar ar leith agus a chuireann isteach ar dhaoine eile, cinntigh go bhfuil tuarascáil i scríbhinn arna comhlánú ag léiritheoir an chláir nó ag bainisteoir sinsearach eile atá i láthair. Tá sé riachtanach go gcloítear leis na nósanna imeachta seo a leanas nuair a thagann cásanna den sórt sin chun cinn

- Caithfidh níos mó ná ball foirne amháin a bheith i láthair nuair a bhítear ag láimhseáil iompar ar leith nó as an ngnáth
- Caithfidh léiritheoir an chláir nó an bainisteoir sinsearach atá i láthair tuarascáil ar an eachtra a scríobh ag leagan amach na nithe seo a leanas:
 - An clár nó an ghníomhaíocht a bhí ar siúl ag an am;
 - Dáta na heachtra;
 - Taifead ar an méid a tharla;
 - Sonraí faoi cé a bhí bainteach leis;
 - Sonraí faoi cá háit agus cathain a tharla sé;

- Taifead ar aon ráitis shuntasacha;
 - Taifead ar aon díobháil do dhuine nó do mhaoín;
 - Sonraí faoin gcaoi ar réitíodh nó ar fágadh an cás.
- Cuirtear an taifead seo ar aghaidh chuig Teagmhálaí Ainmnithe RTÉ gan mhoill. Is é Ceannasaí Grúpa Acmhainní Daonna a dhéanfaidh an cinneadh maidir le tuarascáil den sórt sin a fhiosrú tuilleadh
 - I ngach cás, má tharlaíonn eachtra atá as an ngnáth, a bhféadfadh éifeacht dhiúltach a bheith aici ar leanbh, cuirfear aon tuismitheoir / caomhnóir a bhailíonn an leanbh ar an eolas faoin eachtra agus aon ghníomh / ghníomhartha a rinneadh.

CÓD IOMPAIR: LEANAÍ FOSTAITHE RTÉ
--

Níor chóir d'fhostaithe a gcuid leanaí a thabhairt chuig a n-ionad oibre féin chun críocha cúram leanaí. Aithnítear go bhféadfadh cúinsí eisceachtúla a bheith ann nuair a d'fhéadfadh sé seo a bheith riachtanach. I gcásanna den sórt sin caithfear cead an bhainisteora líne a lorg agus caithfidh na leanaí fanacht faoi mhaoirseacht dhíreach a dtuismitheora i gcónaí.

ROINN 2 - LEAS LEANAÍ: IOMPAR AGUS A BHEITH I LÁTHAIR AR AN SUÍOMH

Mar gheall ar chineál ghníomhaíochtaí déanta clár RTÉ, is minic gur gá do leanaí freastal ar áitreabh RTÉ agus go mbeadh pearsanra RTÉ i gcuideachta leanaí ag láithreacha lasmuigh de RTÉ. Sa chuid seo leagtar amach nósanna imeachta ar leith atá le leanúint bunaithe ar roinnt cásanna éagsúla ina mbíonn leanaí ag freastal ar áitribh RTÉ.

Iompar

Rachaidh leanaí agus daoine óga atá rannpháirteach in aschur RTÉ (agus a dtuismitheoir, múinteoir nó caomhnóir in éineacht leo) le bualadh lena dteagmhálaí RTÉ ag áit réamhshocraithe (fáiltiú RTÉ de ghnáth). Caithfear na prionsabail seo a leanas a chomhlíonadh:

- Sa chás go bhfuil leanaí agus daoine óga á n-iompar thar ceann RTÉ caithfidh tuismitheoir, caomhnóir, feitheoir nó múinteoir a bheith in éineacht leo
- Féadfaidh daoine óga ar daltaí idirbhliana iad agus daoine óga idir 15 agus 18, teacht chuig áitreabh RTÉ agus é a fhágáil leo féin, ach amháin san oíche (tar éis 9in) nuair is féidir iad a sheoladh leo féin i dtacsáí ar choinníoll gur tugadh toiliú tuismitheora / caomhnóra roimh ré
- Seachas an eisceacht thuas, ní cheadaítear duine nó líon leanaí / daoine óga leo féin a iompar i dtacsáí thar ceann RTÉ
- Seachain síob a thabhairt do leanbh / duine óg. I gcúinsí eisceachtúla, má theastaíonn sé seo, déan cinnte go gcuirtear an tuismitheoir / caomhnóir ar an eolas roimh ré agus go bhfuil suíochán linbh ar fáil nuair is gá. Caithfidh duine eile dul in éineacht leat má tá tú ag iompar linbh nó duine óg leo féin.

Níor chóir leanbh a fhágáil leis féin nó gan duine ag coinneáil súil air ag am ar bith agus é ag fanacht le hiompar nó tar éis a iompair go RTÉ.

Ar an láthair in áitreabh RTÉ

Is cuma cén cineál cuairte a thugtar ar RTÉ, mar riail ghinearálta, ba cheart na nósanna imeachta seo a leanas a chomhlíonadh agus leanbh nó duine óg in áitreabh RTÉ:

- Seachain idirghníomhaíocht phríobháideach leat féin le leanbh. Murar féidir é sin a dhéanamh ba chóir go mbeadh sé i dtimpeallacht oscailte le heolas agus toiliú iomlán na dtuismitheoirí / na gcaomhnóirí
- Bí feasach ar theanga agus ar thráchtanna a dhéantar. Má cheapann tú go bhféadfadh rud éigin a dúirt tú a bheith maslach nó gur chuir sé isteach ar dhuine, déan iarracht aghaidh a thabhairt air ar bhealach tuisceanach a luaithe is féidir
- Pléifear teorainneacha ar iompar agus pionóis ghaolmhara le leanaí / daoine óga agus tuismitheoirí / saorálaithe
- Ná ceadaiigh cluichí fisiciúla garbha i measc leanaí

- Bí ar an eolas faoi teorainneacha ama linbh / duine óg (m.sh. scoil / scrúduithe) agus cleachtaí / gníomhaíochtaí á sceidealú
- Bí ar an eolas faoin bhfaisnéis mhíochaine is gá (faisnéis nó teorainneacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn)
- Bíodh meas agat ar dhifríochtaí cumais, cultúir, reiligiúin, cine agus claonadh gnéis
- Cuir oiliúint chuí ar fáil don fhoireann, agus do dhaoine taobh amuigh de RTÉ atá fostaithe ar ár son
- Má theastaíonn soiléiriú nó treoir uait, iarr cabhair ar bhall sinsearach foirne nó ar do bhainisteoir líne. Is féidir leis an mbainisteoir AD i do IBD féin treoir agus comhairle a chur ar fáil.

Leanaí mar Rannpháirtithe Lucht Féachana

De ghnáth níor chóir de leanaí ach a bheith mar chuid de lucht féachana stiúideo do chlár leanaí agus ba cheart taifeadh na gclár sin a chríochnú tráth nach déanaí ná 9pm.

Ba chóir go mbeadh tuismitheoir, caomhnóir, múinteoir nó duine fásta freagrach eile in éineacht le leanaí a bhíonn mar chuid den lucht féachana sin. B'fhearr ticéid do lucht féachana a fhreastalaíonn ar thaispeántais den sórt sin a thabhairt amach trí scoileanna, clubanna óige, srl., nó ar iarratas ó tuismitheoirí nó ó chaomhnóirí. Níor chóir gnáthrud a dhéanamh de thicéid a thabhairt ar bhonn fánach do leanaí.

De ghnáth níor chóir leanaí a ligean isteach sa lucht féachana le haghaidh clár nach ndéantar go hiomlán do leanaí m.sh. seónna cainte / siamsaíochta nó seónna eile atá á dtaifeadh nó á gceoladh tar éis 9in. Sa chás go dtagann eisceachtaí chun cinn, caithfidh an tEagarthóir Coimisiúnaithe ábhartha nó Stiúrthóir na gClár, Teilifíse / Cinn Stáisiúin, Raidió iad seo a cheadú. Ba chóir go mbeadh tuismitheoir, caomhnóir, múinteoir nó duine fásta freagrach eile in éineacht le leanaí a bhíonn mar chuid den lucht féachana sin.

Níor chóir aon leanbh an-óg a ligean isteach i lucht féachana stiúideo ach amháin sa chás go bhfuil sé ceadaithe ag an Eagarthóir Coimisiúnaithe, Stiúrthóir na gClár nó ag an Stiúrthóir Bainistíochta Teilifíse nó ag an Stiúrthóir Bainistíochta Raidió chun críche áirithe. Caithfear an cúinse áirithe sin a aithint mar chuid de mheasúnú riosca an chlár.

Leanaí mar rannpháirtithe in aschur an chlár

- Sula dtosóidh gach clár míneoidh an léiritheoir na próisis atá i gceist ionas go dtuigeann na Tuismitheoirí / Caomhnóirí go hiomlán cad atá i gceist le rannpháirtíocht a linbh i ngníomhaíocht áirithe an chlár m.sh. cluichí nó gníomhaíocht choirp eile
- Ní féidir le rannpháirtíocht an linbh in aschur an chlár dul ar aghaidh ach le toiliú roimh ré ó thuismitheoir / chaomhnóir

Feitheoirí:

- Nuair nach féidir le tuismitheoir nó caomhnóir linbh dul leis an leanbh agus é in áitreabh RTÉ, ceapfaidh RTÉ feitheoir a bheidh ina dhuine oiriúnach agus ábalta de bharr a dtaithí ar an obair sin. Beidh na feitheoirí ag cloí le riachtanais ghrinnfhiosrúcháin Garda / seiceálacha imréitigh póilíní. Féadfaidh an feitheoir athrú i rith an lae ag brath ar dhaoine a bhíonn ar fáil.
- Déanfaidh an feitheoir maoirseacht ar leas agus disciplín an linbh ar ionad RTÉ ag gach céim le linn an phróisis léiriúcháin, go dtí an t-am a dtabharfar an leanbh chuig áit chruinnithe réamh-eagraithe le bailiú ó RTÉ
- Cuirfidh an feitheoir bia agus deoch ar fáil don leanbh. Ba chóir béilí cothaitheacha agus cothroma a thairiscint do leanaí, agus aird chuí á tabhairt ar aon riocht sláinte nó aiste bia
- Tabharfaidh an feitheoir am sosa oiriúnach i rith léirithe / cleachtaí de réir an chleachtais is fearr a mholtar mar a leagtar amach i gCaighdeán agus Treoirlínte Chlár RTÉ go háirithe iad siúd a bhaineann le srianta ama agus oibre.

Lóistín

Ní cheadófar d'aon leanbh fanacht thar oíche le haghaidh léiriúcháin RTÉ mura mbeidh tuismitheoir, múinteoir nó feitheoir in éineacht leis agus é sin luaite i scríbhinn, ag an tuismitheoir / caomhnóir roimh ré.

- Cuirfear liosta le chéile de 'bhunrialacha' don ócáid agus tabharfar amach é do na rannpháirtithe uile roimh an imeacht;
- Déanfar maoirseacht chuí bunaithe ar inscne ag an ócáid;

Cuairteanna ó phearsanra léiriúcháin / cláir RTÉ ag scoileanna / clubanna / imeachtaí do dhaoine óga srl.

Baineann na prionsabail a leagtar amach sa doiciméad beartais seo le hoibrithe RTÉ nuair a bhíonn siad lasmuigh den láthair agus ar an láithreán.

Ba chóir do léiriúcháin agus imeachtaí RTÉ a bhaineann le cuairteanna ar scoileanna teagmháil a dhéanamh, i scríbhinn más féidir, le heagraithe na scoile nó na n-imeachtaí lena mbaineann chun a chur in iúl go bhfuil Polasaí Cosanta Leanaí i bhfeidhm ag RTÉ agus comhairle a chur orthu:

- Comhlíonann daoine a bhaineann le RTÉ a fhreastalaíonn ar imeachtaí an polasaí seo
- Ní iarrfaidh daoine aonair RTÉ sonraí pearsanta ná sonraí teagmhála go díreach ón leanbh. Tabharfaidh an tuismitheoir / caomhnóir an fhaisnéis uile.
- Ní féidir le daoine aonair RTÉ cúraim nó maoirseacht a dhéanamh gan comhaontú sainráite na bpáirtithe uile a dhéantar roimh an gcúairt / imeacht

- Roinnídh daoine aonair RTÉ a mbíonn inní orthu faoi leas linbh, le linn a gcuid oibre, an inní sin le Teagmhálaí Ainmnithe nó le Leasteagmhálaí Ainmnithe na scoile.

Na Meáin Shóisialta

Is comhpháirtithe cumhachtacha iad na meáin shóisialta agus an chraoltóireacht. Ligeann na meáin shóisialta do lucht féachana taitneamh a bhaint as ár n-ábhar ar go leor bealaí, agus ar go leor leibhéal. Nascann sé muid le lucht féachana agus is ardán é chun pobail nua a fhorbairt a bhfuil nasc comhoiteann acu: RTÉ. D'fhorbair RTÉ Polasaí Meán Sóisialta a thug aird ar riachtanais an Pholasaí um Chosaint Leanaí.

ROINN 3 - NÓSANNA IMEACHTA TUAIRISCITHE AGUS FREAGRACHTAÍ

Nós Imeachta Caighdeánach Tuairiscithe

Seo a leanas achoimre ar na treoirphrionsabail maidir le mí-úsáid nó faillí leanaí a thuairisciú:

- Caithfear tús áite a thabhairt do shábháilteacht agus d'fholláine an linbh nó an duine óig
- Ba cheart tuairiscí a dhéanamh gan mhoill don Teagmhálaí Ainmnithe a fhéadfaidh tuairisciú chuig FSS ansin
- Cé go gcaithfear bunús na himní a chur in iúl chomh cuimsitheach agus is féidir, níor chóir leanaí nó tuismitheoirí a chur faoi agallamh faoin drochíde amhrasta.

Leagtar amach an nós imeachta chun nochtadh, inní nó líomhaintí faoi mhí-úsáid leanaí a láimhseáil sna céimeanna seo a leanas:

- Ba cheart don bhall foirne a fuair nochtadh faoi mhí-úsáid leanaí nó a bhfuil inní air faoi mhí-úsáid, é a chur faoi bhráid an Teagmhálaí Ainmnithe láithreach. Cuirfear Ceann Acmhainní Daonna an Ghrúpa ar an eolas faoin gcás.
- Gheobhaidh agus breithneoidh an Teagmhálaí Ainmnithe an fhaisnéis agus socróidh sé an bhfuil cúiseanna réasúnacha ann le haghaidh inní. Féadfaidh an Teagmhálaí Ainmnithe pléigh le hOibrí Sóisialta ar dualgas de chuid FSS chun comhairle neamhfhoirmiúil a fháil maidir leis an líomhain, inní nó nochtadh.
- Ansin déanfaidh an Teagmhálaí Ainmnithe gníomh amháin as dhá rogha:
 - An líomhain, an inní nó an nochtadh a thuairisciú chuig FSS, agus Foirm Thuairiscithe Chaighdeánach FSS á úsáid;
 - Gan tuairisc fhoirmiúil a thabhairt do FSS ach taifead a choinneáil de na hábhair inní ar chomhad. Déanfar na cúiseanna nár tuairiscíodh an líomhain, an inní nó an nochtadh a thaifeadadh go soiléir. Cuirfear an duine a rinne an tuarascáil ar dtús ar an eolas mura bhfuil tuarascáil fhoirmiúil á cur chuig FSS agus is féidir leo tuarascáil fhoirmiúil a dhéanamh iad féin, go díreach chuig an údarás ábhartha má bhraitheann siad go bhfuil gá leis.

Sa chás go ndéantar tuarascáil fhoirmiúil chuig an FSS, is dóigh go mbeidh FSS ag iarraidh labhairt leis an duine a rinne an tuarascáil ar dtús chun fíricí agus imthosca na tuarascála a shoiléiriú.

I gcás éigeandála nach bhfuil Oibrí Sóisialta ar dualgas de chuid FSS ar fáil agus inní ann faoi shábháilteacht linbh ba chóir tuairisc a thabhairt go díreach chuig an nGarda Síochána.

Agus tuarascáil á déanamh aige ar mhí-úsáid leanaí, ní mór don duine a chinntiú gurb é sábháilteacht agus leas an linbh nó an duine óig an chéad tosaíocht i gcónaí.

Cuirfear tuismitheoirí / caomhnóirí dlíthiúla an linbh ar an eolas faoin líomhain, inní nó nochtadh ach amháin más rud é go gcuirfeadh sin an leanbh i mbaol.

Coinneofar gach cineál taifid d'aon eachtra a bhaineann leis an bpolasaí seo faoi ghlas i gcaibinéad atá faoi rialú Cheannasaí Acmhainní Daonna an Ghrúpa. Beidh rochtain ag an Teagmhálaí Ainmnithe ar fhianaise ábhartha nuair is gá. Beidh coinneáil taifead de réir an chleachtais chaighdeánaigh AD.

I gcásanna ina bhfuil fianaise *prima facie* ann gur sáraíodh na riachtanais seo i gcoinne ball foirne déanfar é sin a láimhseáil de réir na nósanna imeachta AD i bPolasaí agus Nósanna Imeachta RTÉ

Mura bhfuil duine sásta le cinneadh RTÉ gan an tsaincheist a thuairisciú chuig an FSS tar éis an próiseas cinnteoireachta a dhéanamh, ansin is féidir le duine ar bith ar mian leis inní faoi mhí-úsáid nó faillí leanaí a thuairisciú teagmháil a dhéanamh go díreach le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS. Is féidir tuairisc a dhéanamh go pearsanta, ar an teileafón nó i scríbhinn. Tugtar uimhreacha teagmhála do gach oifig FSS ar fud na tíre in Aguisín 2 (Tús Áite do Leanaí) agus tá siad ar fáil freisin ar:

Suíomh Gréasáin FSS (www.hse.ie) nó trí ghlaoch a chur ar Ghlaoch Áitiúil FSS: 1850 241850

Faisnéis a theastaíonn agus tuairisc á déanamh

Dá mhéad faisnéise a chuirtear ar fáil sa tuarascáil, is amhlaidh is éasca a bheidh sé líomhain, inní nó nochtadh mí-úsáide a mheas.

Mura bhfuil duine cinnte faoin gcás, b'fhéidir go mbeadh sé úsáideach labhairt faoin gceist le Teagmhálaí Ainmnithe RTÉ nó le hOibrí Sóisialta ar dualgas de chuid FSS sula ndéanfaidh sé tuarascáil oifigiúil.

Braitheann cumas Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS amhras nó líomhaintí faoi mhí-úsáid nó faillí leanaí a mheas agus a imscrúdú ar mhéid agus ar cháilíocht na faisnéise a chuireann na daoine a thuairiscíonn inní in iúl dóibh. Ba cheart an oiread agus is féidir de na sonraí seo a leanas a chur ar fáil:

- ainm, seoladh agus aois an linbh (nó na leanaí) a bhfuil an tuarascáil á dhéanamh ina leith;
- ainm agus sonraí teagmhála an duine a thuairiscíonn inní;
- sonraí faoin mí-úsáid nó inní líomhnaithe;
- Aon fhaisnéis ábhartha eile.

Rúndacht

Ba cheart an fhaisnéis uile maidir le himní nó nochtadh mí-úsáide nó faillí leanaí a roinnt ar mhaithe leis an leanbh leis na húdaráis reachtúla ábhartha.

Ní féidir aon ghnóthais a thabhairt maidir le rúndacht. Ba chóir dóibh siúd a mbíonn teagmháil acu le leanbh agus le teaghlach é sin a dhéanamh soiléir do na páirtithe uile lena mbaineann, cé gur féidir a bheith cinnte go láimhseálfar an fhaisnéis uile agus na riachtanais dhlíthiúla á gcur san áireamh go hiomlán

An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998

Déanann an tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí 1998 foráil maidir le daoine a chuir mí-úsáid leanaí in iúl ó dhliteanas sibhialta.

'Le réasún agus de mheon macánta' d'oifigigh ainmnithe FSS (*féach Aguisín 10*) nó le haon bhall den Gharda Síochána. Baineann an chosaint seo le heagraíochtaí chomh maith le daoine aonair. Ciallaíonn sé sin, fiú mura mbíonn bunús le hamhras faoi mhí-úsáid leanaí a thuairiscítear, beidh ar ghearánaí a rinne gníomh a chruthú nár ghníomhaigh an duine a chuir an inní in iúl go réasúnach agus de mheon macánta agus é ag déanamh na tuarascála.

Ní mór a mheabhrú go bhféadfadh líomhaintí earráideacha nó mailíseacha a bheith i gceist le baill foirne nó conraitheoirí. Dá bhrí sin, caithfear aon líomhain faoi mhí-úsáid a láimhseáil go tuisceanach, agus féadfar tacaíocht agus, más gá, comhairleoireacht a chur ar fáil. Cé gurb é an phríomhspríoc ná an leanbh a chosaint, caithfear a bheith cinnte go gcaitear go cóir leis an duine aonair. Tá sé rithábhachtach go dtabharfaí freagra cuí ar gach cás a thagann chun cinn mar gheall ar chineál na mí-úsáide a d'fhéadfadh a bheith ina ábhar don líomhain. (*Féach aguisín 1*).

Ní sárú rúndachta ná cosanta sonraí é faisnéis a chur ar fáil do na gníomhaireachtaí reachtúla chun leanbh a chosaint.

Nochtadh a láimhseáil

Má tá inní ar bhall foirne maidir le Sláinte, Sábháilteacht nó Leas linbh tá sé de dhualgas orthu an inní sin a thuairisciú chuig an Teagmhálaí Ainmnithe. I gcúinsí ina nochtann leanbh nó duine fásta cás mí-úsáide do bhall foirne ba chóir dó / di iarracht a dhéanamh gníomhú mar seo a leanas:

- Bí chomh socair agus nádúrtha agus is féidir, ná léirigh buairt nó dímhéas
- Éist leis an leanbh go tuisceanach
- Déan iarracht a chinntiú go bhfeictear thú ag labhairt leis an leanbh, ach nach gcloistear an comhrá
- Cuir in iúl don leanbh go raibh an ceart aige / aici a rá leat agus nach gcuirfear aon mhilleán air / uirthi
- Ná bí breithiúnach
- Ná déan tuairimíocht ná meastacháin
- Ná habair rudaí diúltacha faoin mí-úsáideoir líomhnaithe
- Ná tabhair gealltanais don leanbh
- Bí macánta leis an leanbh faoi na rudaí is féidir agus nach féidir linn a dhéanamh. Inis dóibh nach féidir linn rúin a choinneáil agus cuir ar an eolas iad faoi cad a tharlóidh ina dhiaidh sin
- Ná ceistigh an duine a líomhnaítear a bheith freagrach
- A luaithe agus a bhíonn an comhrá leis an leanbh thart, déan nóta mionsonraithe i scríbhinn de gach rud a dúradh, lena n-áirítear a mhéid is

féidir, na focail bheachta a d'úsáid an leabhbh agus cuir an fhaisnéis ar aghaidh chuig an Teagmhálaí Ainmnithe RTÉ a luaithe is féidir áit a ndéanfar an cinneadh maidir le tarchur chuig FSS. Cuirfear Ceann Acmhainní Daonna an Ghrúpa ar an eolas faoin gcás.

NÓSANNA IMEACHTA DO DHAOINE A BHFUIL LÍOMHAINNÍ DÉANTA GUR SHÁRAIGH SIAD TREOIRLÍNTE

Má chuirtear faillí i do leith maidir le mí-úsáid, agus faoi réir na nósanna imeachta thuas, moltar duit na pointí seo a leanas a chomhlíonadh:

- Déan nótaí de do theagmhálacha / ghníomhartha uile leis an leabhbh atá i gceist a luaithe is féidir
- Faigh comhairle thar do cheann féin.

ROINN 4 - EARCÚ, ROGHNÚ & COSAINT LEANAÍ

Ceapacháin nua

Tugann an chuid seo breac-chuntas ar chur chuige maidir le cleachtais earcaíochta agus roghnúcháin shábháilte ina bhféadfadh teagmháil le leanaí a bheith i gceist leis an ról. Féadfaidh na nósanna imeachta iarbhrí a bheith éagsúil de réir riachtanais post áirithe ach ba cheart na príomhphróisis seo a leanas a áireamh:

- i. **Sainmhíniú soiléir ar ról na bhfostaithe nó na saorálaithe:** Ciallaíonn sé sin ionchais maidir le ról oibrí nua a shoiléiriú agus a chomhaontú, agus baineann sé leis an íosléibhéal cáilíochtaí agus scileanna pearsanta a aithint atá de dhíth chun an post a líonadh.
- ii. **Foirm iarratais:** Ba cheart foirm iarratais, le tuairisc poist shoiléir agus faisnéis faoin eagraíocht a chur ar fáil. Ba cheart an fhoirm a dheardh, a mhéid is féidir, chun gach faisnéis ábhartha faoin iarratasóir a fháil, lena n-áirítear taithí roimhe seo ar obair le leanaí. (Féach an Fhoirm Iarratais shamplach faoi iamh)
- iii. **Dearbhú:** Ba cheart go gceanglófaí ar gach iarratasóir dearbhú a shíniú ag rá nach bhfuil aon chúis ann go mbeadh siad mí-oiriúnach chun oibriú le daoine óga, agus ag dearbhú aon chiontuithé coiriúla nó cásanna a bhí ar feitheamh ina gcoinne. Caithfidh polasaí soiléir a bheith ag an eagraíocht maidir leis na cineálacha tosca a chuirfeadh iarratasóirí as an áireamh. (Féach an fhoirm Dhearbhaithe shamplach atá ceangailte)
- iv. **Agallamh:** Ba chóir go gcuirfeadh painéal ar a mbeadh dhá ionadaí ar a laghad ón eagraíocht agallamh ar gach iarratasóir. Ba cheart d'agallóirí an fhaisnéis a luaitear ar an bhfoirm iarratais a iniúchadh agus oiriúnacht an iarratasóra don phost a mheas. Níor cheart go bhfeicfeadh daoine a bhfuil baint dhíreach acu leis an nós imeachta earcaíochta an fhaisnéis a chuireann an t-iarratasóir ar fáil ná aon fhaisnéis eile a chuirtear ar fáil thar a gceann.
- v. **Tagairtí:** Ba cheart a bheith ag súil go dtabharfadh iarratasóir ainmneacha beirt mholtóirí (nach baill teaghlaigh iad) a thabharfaidh fianaise maidir lena bpearsantacht, a n-oiriúnacht do ról an fhostaí / an oibrí dheonaigh, nó aon saincheisteanna eile a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar a gcumas na cúraimí a theastaíonn a chomhlíonadh. Ba cheart go mbeadh eolas díreach ag moltóir amháin ar a laghad ar obair nó ar chonradh a rinne an t-iarratasóir le leanaí roimhe seo. Léireoidh teistiméireacht inghlactha go bhfuil aithne ag an moltóir ar an duine agus go measann sé go bhfuil siad oiriúnach chun oibriú le daoine óga. Ba chóir gach teistiméireacht a fháil i scríbhinn agus a chinntiú níos déanaí ar an teileafón, litir nó cuairt phearsanta. Ba chóir aon fhaisnéis bhreise a cheangal leis an bhfoirm iarratais.
- vi. **Aitheantas:** Ba cheart don eagraíocht a chinntiú go ndeimhnítear céannacht an iarratasóra i gcoinne roinnt doiciméad (cárta aitheantais, ceadúnas tiomána

nó pas) a thugann a ainm iomlán, a sheoladh mar aon le síniú nó grianghraf. Ba cheart é seo a chur i gcomparáid leis an iarratas i scríbhinn.

Cuireann An Garda Síochána seirbhís grinnfhiosrúcháin ar fáil d'eagraíochtaí atá cláraithe le hAonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a bhfuil poist foirne acu a mbíonn rochtain gan mhaoirsiú ar leanaí i gceist leo. Cuireann sé sin ar chumas fostóirí seiceálacha earcaíochta agus roghnúcháin níos críochnúla a dhéanamh do phoist a mbíonn obair le leanaí agus daoine óga i gceist leo. Dá réir sin, beidh RTÉ ag iarraidh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána le haghaidh ceapacháin nua den sórt sin. Agus cead á lorg aige chun baill foirne den sórt sin a fhostú, cuirfidh an Bainisteoir Líne in iúl freisin ar an bhFoirm Iarratais Fostaíochta gur cheart Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a lorg. Déanfaidh AD Corparáideach bainistíocht ar an bpróiseas seo. Is é an Bainisteoir Sinsearach Acmhainní Daonna Michael O'Brien an teagmhálaí ainmnithe le hAonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána ar a dtugtar an Síniú Udaraithe agus caithfidh gach iarratas teacht uaidh.

Foireann reatha

Ceanglófar ar bhaill foirne RTÉ a bhíonn ag gabháil do phoist nach mbíonn ag obair le leanaí de ghnáth Foirm Nochtadh Pearsanta um Chosaint Leanaí RTÉ a chomhlánú in amanna nuair a bhíonn orthu maoirseoireacht a dhéanamh ar leanaí. Beidh an fhoirm seo ar fáil ar Marconi agus ní mór don duine í a chomhlánú agus a bheith sínthe ag an mbainisteoir líne sinsearach áitiúil. Caithfear an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh ar ais chuig an mBainisteoir Sinsearach Acmhainní Daonna, AD Corparáideach, agus bainistíocht sé an próiseas. Foireann a nochtann gur ciontaíodh iad in aon chion a bhaineann le leanaí nó le daoine óga; agus / nó faoi réir aon ghnímh smachtaithe nó pionóis a bhaineann le leanaí, ní cheadófar dóibh oibriú ar aon léiriúchán / tionscadal lena mbaineann teagmháil le leanaí.

I gcásanna eisceachtúla, ina mbíonn rochtain gan mhaoirsiú ar leanaí i gceist leis an bpost, i.e. ag tabhairt aire go rialta, ag traenáil, ag maoirsiú nó a bheith i gceannas go hiomlán ar leanaí agus ar dhaoine óga, lorgófar Nochtadh Grinnfhiosrúcháin Garda roimh ré tríd an teagmhálaí thuasluaite ó Phríomhoifig Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána

AGUISÍN 1

Príomhphrionsabail agus Sainmhínte ar Mhí-Úsáid mar a d'eisigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige 2011 iad

Príomhphrionsabal

“TÁ LEAS LEANAÍ RÍTHÁBHACHTACH” (Tús Áite do Leanaí, 1.1 Prionsabail an Chleachtais is Fearr i gCosaint Leanaí)

Tá sé tábhachtach go mbeadh gach duine atá ag obair, ag glacadh páirte, ag obair go deonach nó ag reáchtáil imeachtaí RTÉ ar an eolas faoi na cineálacha Mí-Úsáid Leanaí a d'fhéadfadh tarlú, agus is í sin an chúis a chuimsíonn RTÉ na sainmhínte i bpríomhchorp ár dTreoirínite Pholasaí um Chosaint Leanaí. Faoi na Treoirínite um Tús Áite do Leanaí tá sé de fhreagracht agus de dhualgas ar gach duine atá ag obair agus ag plé le leanaí a chinntiú go dtugtar tús áite do chosaint agus do leas leanaí. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go dtuigtear an tábhacht a bhaineann leis na cineálacha mí-úsáide seo a leanas agus na comharthaí agus na léirithe. Má chuirtear ár gcóid iompair, polasaithe agus nósanna imeachta uile i bhfeidhm i gcónaí, níor cheart go mbeadh leanaí i mbaol mí-úsáide.

Sainmhínte ar Mhí-Úsáid Leanaí (tógtha ó Children First)

Is féidir leis seo tarlú ar aon cheann de na bealaí seo a leanas:

1. Faillí
2. Mí-úsáid mhothúchánach
3. Mí-úsáid fhisiciúil
4. Mí-úsáid ghnéis.

Faillí

Is féidir faillí a shainiú i dtéarmaí easnaimh, i gcás ina bhfulaingíonn an leanbh dochar nó lagú suntasach ar fhorbairt trí na rudaí seo a bhaint díobh: bia, éadaí, teas, sláinteachas, spreagadh intleachtúil, maoirseacht agus sábháilteacht, ceangal le daoine fásta agus cúram ó dhaoine fásta, cúram míochaine.

Mí-úsáid mhothúchánach

Is gnách go mbíonn mí-úsáid mhothúchánach i *gcaidreamh* idir tuismitheoir / cúramóir agus leanbh seachas in eachtra ar leith nó i roinnt eachtraí. Tarlaíonn sé nuair nach gcomhlíontar riachtanas forbartha an linbh maidir le gean, tacaíocht, comhsheasmhacht agus slándáil.

Mura bhfuil cineálacha eile mí-úsáide i láthair, is annamh a léirítear é i dtéarmaí comharthaí fisiciúla nó léirithe. Ar na samplaí bheadh:

- tréithe diúltacha a chuireann isteach ar leanbh, a chuirtear in iúl trí cháineadh leanúnach, searbhais, naimhdeas nó milleán a chur ar leanbh;
- tuismitheoireacht faoi choinníoll ina socraítear leibhéal an chúraim a thugtar do leanbh ag brath ar a iompraíocht nó ar a ghníomhartha;
- nach bhfuil tuismitheoir / cúramóir an linbh ar fáil go mothúchánach;

- neamhfhreagracht an tuismitheora / an chúramóra agus / nó ionchais neamhréire nó míchuí don leanbh;
- freagracht a thabhairt don leanbh nuair nach bhfuil siad réidh dó;
- ionchais neamhréadúla nó míchuí i dtaca le cumas an linbh rud a thuiscint nó é féin a iompar agus a smachtú ar bhealach áirithe;
- róchósantach nó gan a bheith cosantach go leor i leith an linbh;
- gan a bheith ag léiriú spéise i bhforbairt chognaíoch agus mhothúchánach an linbh, nó gan deiseanna a chur ar fáil a oireann dá n-aois;
- bearta smachtaithe míréasúnta nó ródhian a úsáid;
- nochtadh ar fhoréigean teaghlaigh;
- nochtadh ar ábhar míchuí nó maslach trí theicneolaíocht nua.

Is féidir mí-úsáid mhothúchánach a léiriú i dtéarmaí iompraíochta, feidhmiú cognaíoch, mothaitheach nó fisiciúil an linbh. I measc samplaí díobh sin, tá taobhú éadaingean, míshuaimhneas, féinmheas íseal, tearcghnóthachtáil oideachais agus forbartha, agus iompar freasúraíoch. Sroichtear an *tairseach* de *dhochar suntasach* nuair a éiríonn caidreamh maslach agus nuair a bhíonn sé *ina ghnáthchuid* den ghaol idir an leanbh agus an tuismitheoir / cúramóir.

Mí-úsáid fhisiciúil

Mí-úsáid fhisiciúil linbh is ea an díobháil choirp a d'fhéadfadh tarlú ó idirghníomhaíocht, nó ó easpa idirghníomhaíochta, atá faoi smacht tuismitheora nó duine atá i riocht freagrachta, cumhachta nó muiníne. D'fhéadfadh eachtra amháin tarlú nó go dtarlódh sé arís agus arís eile.

Is féidir go mbeidh na nithe seo a leanas i gceist le mí-úsáid fhisiciúil:

- drochbhail choirp;
- ag bualadh, ag tabhairt boiseoige, ag greadadh nó ag ciceáil;
- brú, croitheadh nó caitheamh;
- baint liomóige, baint plaice, tachtadh nó tarraingt gruaige;
- sceimhlitheoireacht le bagairtí;
- breathnú ar fhoréigean;
- úsáid fórsa iomarcach i láimhseáil;
- nimhiú d'aon ghnó;
- plúchadh;
- breoiteacht bhréagach / spreagtha
- ceadú nó cruthú baol suntasach dochair do leanbh.

Mí-úsáid ghnéis.

Tarlaíonn mí-úsáid ghnéis nuair a úsáideann duine eile leanbh chun a ghriogadh gnéis a shásamh, nó chun daoine eile a shásamh. I measc samplaí de mhí-úsáid ghnéis leanaí tá:

- nochtadh na ngnéasorgán nó aon ghnímh ghnéis a dhéantar d'aon ghnó i láthair an linbh;
- teagmháil nó ciapadh a dhéanamh d'aon ghnó ar chorp linbh ag duine nó ag réad chun críche griogadh gnéis nó sásaimh;
- lámhchartadh i láthair an linbh nó an leanbh a bheith páirteach i ngníomh lámhcharta;
- caidreamh collaí leis an leanbh, cibé acu gnéas béil, faighne nó tóna;
- Teachnt i dtír gnéasach linbh, lena n-áirítear gríosú, spreagadh, tairiscint, éileamh nó cead a thabhairt do leanbh striapachas nó gníomhartha gnéis eile a iarraidh, nó dul i mbun gnímh. Tarlaíonn teachnt i dtír gnéasach freisin nuair a

bhíonn leanbh páirteach sa taispeántas, ag mainicíneacht nó ag cur gothaí air féin chun críche griogadh gnéis, sásaimh nó gníomh gnéis, lena n-áirítear a thairfeadh (ar scannán, téip físe nó meáin eile) nó ionramháil, chun na críocha sin, ar an íomhá ar ríomhaire nó ar bhealaí eile. Airítear ann freisin ábhar gnéasach follasach a thaispeáint do leanaí, ar gné é go minic den phróiseas ‘mealltóireachta’ a bhíonn ag daoine a dhéanann mí-úsáid;

- Gnéas comhthoiliúil, ina mbíonn duine fásta agus duine faoi aois páirteach. Maidir le mí-úsáid gnéis leanaí, ba chóir a thabhairt faoi deara, de réir an dlí choiriúil, gurb í an aois toilithe le haghaidh caidreamh collaí 17 mbliana do bhuachaillí agus do chailíní.

A mhéid is féidir agus i gcomhréir le sábháilteacht an linbh, tabharfar meas do rúndacht i gcás ina mbíonn amhras den sórt sin.

AGUISÍN 2

Toiliú Mionaoiseach agus Foirm Teagmhála Éigeandála

Tá an fhaisnéis a iarrtar ar an leathanach seo faoi rún agus le haghaidh úsáid éigeandála amháin. I gcás éigeandála, úsáidfídh foireann RTÉ agus pearsanra éigeandála an fhaisnéis seo

ROINN 1: FAISNÉIS BHUNÚSACH TEAGMHÁLA MIONAOISEACH

Ainm iomlán: _____

Dáta breithe: _____

Seoladh: _____

ROINN 2: FAISNÉIS TEAGMHÁLA ÉIGEANDÁLA

I gcás breoiteachta nó timpiste, tugaim cead cóireáil leighis a thabhairt nuair a mheasann dochtúir cáilithe agus / nó ospidéal go bhfuil gá leis. Tuigim go ndéanfar gach iarracht teagmháil a dhéanamh liom a luaithe is féidir. I gcás éigeandála is féidir teagmháil a dhéanamh liom ag na huimhreacha teileafón seo a leanas.

Ainm Teagmhála Éigeandála: _____

Gaol le Mionaoiseach: _____

Seoladh: _____

Uimhreacha Teagmhála: Teileafón 1 _____ Teileafón 2: _____

ROINN 3: RIACHTANAIS SPEISIALTA

An bhfuil aon riachtanais míochaine / soghluaisteachta / aiste bia agat ar chóir dúinn a bheith

ar an eolas fúthu? T/N Tabhair sonraí anseo:

ROINN 4: CEAD Ó THUISMITHEOIRÍ / CAOMHNÓIRÍ

Tugaim toiliú leis seo don mhionaoiseach teacht ar Champas RTÉ agus é a fhágáil leis féin agus é ag freastal ar champas RTÉ. Tuigim go mbeidh siad i dtimpeallacht faoi mhaoirseacht agus iad ar champas RTÉ.

Tuismitheoir/Caomhnóir _____

Tuismitheoir/Caomhnóir _____

Dáta: _____

AGUISÍN 3

Cuspóir an Ráitis Rannpháirtíochta

Caithfidh tuismitheoir / caomhnóir an doiciméad seo a shíniú chun cead a thabhairt dá leanbh páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht chomhaontaithe an chlár. Deimhníonn do shíniú go nglacann tú agus go dtuigeann tú polasaí agus nósanna imeachta cosanta leanaí RTÉ.

Tá an fhoirm seo ar fáil ó Léiritheoir an Chláir agus is féidir cóipeanna di a íoslódáil ó Marconi.

Ainm an linbh:

Aois an linbh:

Ainm na dTuismitheoirí / Caomhnóirí:

Teideal an Chláir:

Ionad:

Dáta:

Síniú:

Síniú:

AGUISÍN 4

Ní mór na foirmeacha reatha um Measúnú Riosca Cláir atá ar fáil ar Marconi a chomhlánú sula dtosóidh aon léiriúchán lena mbaineann leanaí, de réir na Rialachán Sláinte & Sábháilteachta reatha. Tá léiritheoir an chláir freagrach as an tasc seo agus caithfidh sé a chinntiú go gcuirtear i gcrích i gceart é. Má tharlaíonn timpiste / eachtra, ní mór don léiritheoir, don mhaoirseoir oibríochta ábhartha nó don bhainisteoir sinsearach atá i láthair a chinntiú go bhfuil an Fhoirm Tuairiscithe Timpistí ceart atá ar fáil ar Marconi comhlánaithe. Tá freagracht ar gach ball foirne a chinntiú go gcloínn siad leis an reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta ábhartha go léir agus le beartais shonracha RTÉ de bhrí go mbaineann siad leis an ionad oibre.

Aguisín 5 - TREOIR MAIDIR LE hAITHEANTAS A THABHAIRT DO CHOSAINT LEANAÍ AGUS IMNÍ LEASA

Féadfaidh an cumas mí-úsáid leanaí a aithint a bheith ag brath an oiread céanna ar thoilteanas duine glacadh leis an bhféidearthacht go bhfuil sí ann agus a bhíonn sé ar a gcuid eolais agus faisnéise. Is gnách go mbíonn trí chéim ann maidir le faillí nó mí-úsáid leanaí a aithint:

1. Smaoineamh ar an bhféidearthacht;
2. Faire amach i gcomhair comharthaí faillí nó mí-úsáide;
3. Faisnéis a thaifeadadh.

Céim 1: Smaoineamh ar an bhféidearthacht:

Ba cheart an fhéidearthacht go ndéanfaí mí-úsáid leanaí a mheas más cosúil gur fhulaing leanbh gortú amhrasach nach féidir míniú réasúnach a thabhairt ina leith. Ba cheart a mheas freisin más cosúil go bhfuil an leanbh trí chéile gan chúis shoiléir nó má tá fadhbanna iompraíochta leanúnacha nó nua aige. Ba cheart an fhéidearthacht go ndéanfaí mí-úsáid leanaí a mheas freisin má thaispeánann an leanbh freagraí neamhghnácha nó eagla ar thuismitheoirí / chúramóirí nó ar leanaí níos sine. Ba cheart patrún faillí leanúnach a mheas fiú nuair a bhíonn tréimhsí gearra feabhsúcháin ann.

Céim 2: Faire amach i gcomhair comharthaí faillí nó mí-úsáide:

Is féidir le comharthaí faillí nó mí-úsáide a bheith fisiceach, iompraíoch nó forbarthach. Is féidir leo a bheith ann sa chaidreamh idir leanaí agus tuismitheoirí / cúramóirí nó idir leanaí agus baill eile den teaghlach / daoine eile. Is dóichí go léireoidh braisle nó patrún comharthaí faillí nó mí-úsáide. Féadfaidh leanaí a bhfuil mí-úsáid á tabhairt orthu tabhairt le fios go bhfuil díobháil á dhéanamh dóibh agus uaireanta nochtann siad go díreach é. Ba cheart nochtuithe a ghlacadh go han-dáiríre agus ba cheart gníomhú orthu, mar shampla, trí Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS a chur ar an eolas. Níor chóir an leanbh a chur faoi agallamh faoin mí-úsáid líomhnaithe gan dul i gcomhairle ar dtús le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS. D'fhéadfadh oibrí sóisialta nó an Garda Síochána é sin a dhéanamh ar bhealach níos iomchuí. D'fhéadfaí comharthaí nach bhfuil chomh soiléir a iniúchadh go réidh leis an leanbh, gan ceistiú díreach a dhéanamh. D'fhéadfadh suíomh súgartha faisnéis a nochtadh, mar shampla nuair a bhíonn an leanbh ag tarraingt nó ag insint scéil. Is féidir le comharthaí faillí nó mí-úsáide a bheith fisiceach, iompraíoch nó forbarthach. Is féidir leo a bheith ann sa chaidreamh idir leanaí agus tuismitheoirí / cúramóirí nó idir leanaí agus baill eile den teaghlach / daoine eile. Is dóichí go léireoidh braisle nó patrún comharthaí faillí nó mí-úsáid. Féadfaidh leanaí a bhfuil mí-úsáid á tabhairt orthu tabhairt le fios go bhfuil díobháil á dhéanamh dóibh agus uaireanta nochtann siad go díreach é. Ba cheart nochtuithe a ghlacadh go han-dáiríre agus ba cheart gníomhú orthu, mar shampla, trí Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS a chur ar an eolas. Níor chóir an leanbh a chur faoi agallamh faoin mí-úsáid líomhnaithe gan dul i gcomhairle ar dtús le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS. D'fhéadfadh oibrí sóisialta nó an Garda Síochána é sin a dhéanamh ar bhealach níos iomchuí. D'fhéadfaí comharthaí nach bhfuil chomh soiléir a iniúchadh go réidh leis an leanbh, gan ceistiú díreach a dhéanamh. D'fhéadfadh suíomh súgartha faisnéis a nochtadh, mar shampla nuair a bhíonn an leanbh ag tarraingt nó ag insint scéil.

Léiríonn roinnt comharthaí mí-úsáid níos soiléire ná cinn eile. Ina measc sin tá:

- i. nochtadh mí-úsáide ó leanbh nó ó dhuine óg;
- ii. súgradh nó eolas gnéasach atá mí-oiriúnach nó mínormálta;
- iii. gortuithe áirithe nó patrúin de ghortuithe;
- iv. éalú ón mbaile nó ó ionad cúraim;
- v. iarracht ar fhéinmharú
- vi. toircheas faoi aois nó galar gnéas-tarchurtha;
- vii. comharthaí i gcatagóir amháin nó níos mó ag an am céanna. Mar shampla,

d'fhéadfadh comharthaí de mhoill fhorbartha, díobháil choirp agus comharthaí iompraíochta ar fad ag an am céanna patrún mí-úsáide a léiriú.

Céim 3: Faisnéis a thairfeadh:

Má tá amhras ann faoi fhaillí nó mí-úsáid agus má ghníomhaítear ina leith, mar shampla, trí Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS a chur ar an eolas, tá sé tábhachtach na forais inní a bhunú tríd an oiread faisnéise agus is féidir a fháil.

Ba cheart breathnuithe a thairfeadh go cruinn agus ba cheart go mbeadh dátaí, amanna, ainmneacha, láithreacha, comhthéacs agus aon fhaisnéis eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha san áireamh. Ba chóir a bheith cúramach faoin gcaoi a stóráiltear faisnéis den sórt sin agus cé dó a gcuirtear ar fáil í.

Rúndacht

Ba cheart an fhaisnéis uile maidir le himní nó measúnú ar mhí-úsáid nó faillí leanaí a roinnt leis na húdaráis reachtúla ábhartha ar bhonn riachtanas eolais ar mhaithe le leas an linbh.

Ní féidir aon ghnóthais a thabhairt maidir le rúndacht. Ba chóir dóibh siúd a mbíonn ag obair le leanbh agus le teaghlach é sin a dhéanamh soiléir do na páirtithe uile lena mbaineann, cé gur féidir a bheith cinnte go láimhseálfar an fhaisnéis uile agus na riachtanais dhlíthiúla á gcur san áireamh go hiomlán

Ní sárú rúndachta ná cosanta sonraí é faisnéis a chur ar fáil do na gníomhaireachtaí reachtúla chun leanbh a chosaint.

Cosaint dhlíthiúil:

Déanann an tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí 1998 foráil maidir le daoine a chuir mí-úsáid leanaí in iúl ó dhlíteanas sibhialta.

'Le réasún agus de mheon macánta' d'oifigigh ainmnithe FSS (*féach Aguisín 10*) nó le haon bhall den Gharda Síochána. Baineann an chosaint seo le heagrafochtaí chomh maith le daoine aonair. Ciallaíonn sé sin, fiú mura mbíonn bunús le hamhras faoi mhí-úsáid leanaí a thuairiscítear, beidh ar ghearánaí a rinne gníomh a chruthú nár ghníomhaigh an duine a chuir an inní in iúl go réasúnach agus de mheon macánta agus é ag déanamh na tuarascála.

Leanaí a bhfuil leochaileachtaí breise acu

Tá leanaí áirithe níos leochailí ó thaobh mí-úsáide de ná leanaí eile. I measc na leanaí sin tá daoine faoi mhíchumas, leanaí atá gan dídean agus iad siúd atá, ar chúis amháin nó ar chúis eile, scartha óna dtuismitheoirí nó ó bhaill eile den teaghlach agus atá ag brath ar dhaoine eile aire a thabhairt dóibh agus iad a chosaint. Baineann na catagóirí céanna mí-úsáide - faillí, mí-úsáid mhothúchánach, mí-úsáid fhisiciúil agus mí-úsáid gnéis leo siúd, ach d'fhéadfadh go mbeadh siad beagán difriúil.

Mar shampla, d'fhéadfadh mí-úsáid a bheith i bhfoirm díothacht bunchearta, córas smachtaithe dian nó úsáid mhíchuí míochainí nó srianta fisiciúla

Cúiseanna Réasúnta Inní

Bheadh na samplaí seo a leanas ina gcúis inní réasúnta:

1. Léiriú sonrath ó leanbh gur baineadh mí-úsáid as
2. Cuntas ó dhuine a chonaic duine ag baint mí-úsáid as leanbh
3. Fianaise amhail gortú nó iompraíocht, atá ar aon dul le mí-úsáid agus nach dócha gur tharla sé ar bhealach ar bith eile
4. Gortú atá comhsheasmhach le mí-úsáid agus le míniú soineanta ach ina bhfuil fianaise chomhthacaíoch ann a léiríonn an inní gur mí-úsáid a d'fhéadfadh a

bheith ann

5. Cás mí-úsáide m.sh. patrún gortuithe, míniú gan dealramh, comharthaí eile mí-úsáide, iompar mífheidhmiúil.

AGUISÍN 6

Foirm Nochtadh Pearsanta um Chosaint Leanaí RTÉ

Ainm:

Roinn / IBD:

Teideal an phoist:

Bainisteoir Líne Sinsearach Láithreach:

Dáta Breithe:

Seoladh:

Níor ciontaíodh mise, an duine thíos-sínithe, tráth ar bith as aon chion a bhaineann le leanaí nó le daoine óga; agus / ná faoi réir aon ghnímh smachtaithe ná pionóis a bhaineann le leanaí ná aon phionós a chuireann srian orm oibriú le leanaí.

Síniú:

Dáta:

AGUISÍN 7

Cóimheasa

Mar gheall ar líon na n-athróg féideartha, ní féidir treoir amháin a oireann do chách a mholadh chun gach gníomhaíocht a bhaineann le leanaí agus le daoine óga a chlúdach. Tá roinnt príomhphrionsabal ann, áfach, a mholtar mar dhea-chleachtas:

- Moltar léiriúcháin / cláir chun a chinntiú go bhfuil go leor cabhrach ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí. Agus tú ag obair le baill ghrúpa le gnéis éagsúla, tá sé tábhachtach go mbeadh go leor daoine fásta den dá ghnéas ann chun gach gníomhaíocht agus áit in aon áitreabh atá in úsáid a bhainistiú i gceart.
- Go hidéalach, ba cheart gurb é an cóimheas íosta duine fásta / duine óg in

aon ghrúpa ná duine fásta amháin in aghaidh grúpa d'ochtár móide duine fásta amháin eile, agus duine fásta breise a cheadú do gach grúpa d'ochtár ina dhiaidh sin. Ba chóir cúinsí áitiúla, aois na leanaí, taithí na n-oibríthe a chur san áireamh. D'fhéadfadh go mbeadh na cóimheasa seo níos ísle mar gheall ar shábháilteacht, cumas / míchumas daoine óga agus cineál na ngníomhaíochtaí atá á ndéanamh.

Treoir Ghinearálta:

- Maidir le leanaí 1-4 bliana d'aois, caithfidh a dtuismitheoirí féin nó a gcaomhnóirí dlíthiúla a bheith in éineacht leo
- Maidir le leanaí 5 - 8 mbliana d'aois, moltar cóimheas 1: 6
- Maidir le leanaí 8 - 11 bliana d'aois, moltar cóimheas 1: 8
- Maidir le leanaí 12 - 15 bliana d'aois, moltar cóimheas 1:10
- Idir 15 agus 18 mbliana d'aois, is féidir aontú ar chóimheasa tar éis measúnú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí atá i gceist.

Caithfidh grúpaí lucht féachana / léiriúcháin a gcuid maoirseachta féin a chur ar fáil do ghrúpaí atá ag freastal ar RTÉ;

Maidir le leanaí / daoine óga atá fostaithe mar aisteoirí ar léiriúcháin - d'fhéadfadh go mbeadh gá le feitheoir amháin in aghaidh an duine (más gá tar éis an mheasúnaithe). Is féidir le feitheoir a bheith ina thuismitheoir / caomhnóir dlíthiúil / duine a ainmníonn an tuismitheoir. Sa chás gurb é RTÉ nó gníomhaireacht sheachtrach a chuireann an feitheoir ar fáil, is gá grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a bheith ag an duine.